2025/1470

24.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1470 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2025

maidir leis na socruithe chun liostaí na n-oibreoirí agus na ngrúpaí oibreoirí agus an fhaisnéis fíor-riachtanach a bhaineann leis an deimhniú a sholáthraítear d'oibreoirí agus do ghrúpaí oibreoirí a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 34(9), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 34(6) de Rialachán (AE) 2018/848, ba cheart do na Ballstáit liostaí nuashonraithe a choinneáil ar a bhfuil ainmneacha agus seoltaí oibreoirí agus grúpaí oibreoirí a thug fógra faoina ngníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 34(1) den Rialachán sin. Foráiltear le Rialachán (AE) 2018/848 freisin nach mór do na Ballstáit liosta cuimsitheach de na sonraí sin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach iomchuí, lena n-áirítear trí naisc chuig suíomh gréasáin idirlín aonair, mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann leis na deimhnithe a sholáthraítear do na hoibreoirí agus do na grúpaí oibreoirí sin i gcomhréir le hAirteagal 35(1) den Rialachán sin.

(2) Ón 1 Eanáir 2023, d'eisigh údaráis inniúla nó, i gcás inarb iomchuí, údaráis rialaithe nó comhlachtaí rialaithe na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/848 i bhfoirm leictreonach, trí úsáid a bhaint as an gCóras leictreonach um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (36) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún ([2]). Le forbairt TRACES agus eisiúint leictreonach deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2119 ón gCoimisiún ([3]), ba cheart do TRACES na deimhnithe sin a ghiniúint agus a chur ar fáil go poiblí go huathoibríoch chun trédhearcacht an chórais rialaithe i dtáirgeadh orgánach a mhéadú, chomh maith leis an bhfaisnéis faoi oibreoirí agus grúpaí oibreoirí a thug fógra faoina ngníomhaíochtaí faoin gcóras sin.

(3) Ós rud é gur cheart do na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-oibreoirí agus na ngrúpaí oibreoirí a thug fógra faoina ngníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2018/848 a chur ar fáil go poiblí freisin, ba cheart do na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-oibreoirí agus na ngrúpaí oibreoirí atá díolmhaithe ón oibleagáid deimhniú a bheith ina seilbh acu i gcomhréir le hAirteagal 35(8) de Rialachán (AE) 2018/848 a chur ar fáil go poiblí freisin ar bhealach iomchuí, lena n-áirítear trí naisc chuig suíomh gréasáin aonair. Agus é sin á dhéanamh ag na Ballstáit, ba cheart dóibh na ceanglais maidir le sonraí pearsanta a chosaint faoi Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a chomhlíonadh.

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos na rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna a chórais ('Rialachán CBFRO') (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1715/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2119 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le taifid agus dearbhuithe áirithe a éilítear ar oibreoirí agus grúpaí oibreoirí agus maidir leis na modhanna teicniúla chun deimhnithe a eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an deimhniú a eisiúint d'oibreoirí, do ghrúpaí oibreoirí agus d'onnmhaireoirí i dtríú tíortha (IO L 430, 2.12.2021, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2119/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(4) Ag féachaint do na struchtúir eagrúcháin dhifriúla laistigh de na Ballstáit, ba cheart do na Ballstáit a chinneadh cén comhlacht atá freagrach as suíomh gréasáin aonair a bhunú agus a choinneáil ar bun agus cé atá freagrach as na sonraí a fhoilsiú. Ba cheart don Choimisiún suíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin a bhunú agus a chur ar fáil go poiblí freisin ar a mbeidh naisc chuig suíomhanna gréasáin na mBallstát maidir le hainmneacha agus seoltaí na n-oibreoirí agus na ngrúpaí oibreoirí atá díolmhaithe ón oibleagáid deimhniú a bheith ina seilbh acu i gcomhréir le hAirteagal 35(8) de Rialachán (AE) 2018/848. Chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a thugtar ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin cruinn, ba cheart an comhar a shainiú idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun an suíomh gréasáin a bhunú agus a nuashonrú a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí a laghdú maidir le taifid atá á gcoinneáil acu, i gcomhréir le hAirteagal 35(6) de Rialachán (AE) 2018/848, chun a léiriú go gcomhlíonann siad a n-oibleagáid fíorú a dhéanamh, maidir le deimhnithe na n-oibreoirí arb iad a soláthróirí iad, ba cheart faisnéis fhíor-riachtanach ar gach deimhniú oibreora a bheith ar fáil go poiblí in TRACES ar feadh tréimhse 5 bliana ó eisiúint na ndeimhnithe, gan beann ar a dtréimhse bhailíochta, athnuachan, dul in éag, fionraí nó tarraingt siar.

(6) Ba cheart a áireamh san fhaisnéis fhíor-riachtanach sin uimhir dhoiciméad an deimhnithe, ainm agus seoladh an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí, ainm an údaráis inniúil, nó, i gcás inarb iomchuí, ainm údarás rialaithe nó chomhlacht rialaithe an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí, an códuimhir i gcás údarás rialaithe nó comhlacht rialaithe, gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí, an chatagóir nó na catagóirí táirgí dá dtagraítear in Airteagal 35(7) de Rialachán (AE) 2018/848, an dáta eisiúna, an tréimhse bhailíochta, más infheidhme, an dáta athnuachana, éaga, fionraí nó aistarraingthe agus, i gcás ina mbeidh fáil air, eolaire na dtáirgí agus/nó cainníocht na dtáirgí.

(7) Tá gá le tréimhse 5 bliana le go mbeidh oibreoirí agus grúpaí oibreoirí in ann a léiriú go bhfuil siad údaraithe chun táirgí orgánacha a dhíol, lena n-áirítear táirgí a bhfuil seilfré fhada acu. Le tréimhse 5 bliana, méadófar trédhearcacht freisin agus cuirfear é ar a gcumas do na húdaráis inniúla, nó, i gcás inarb iomchuí, do na húdaráis rialaithe nó do na comhlachtaí rialaithe rialuithe oifigiúla, imscrúduithe oifigiúla agus cleachtaí inrianaitheachta a dhéanamh go héifeachtach. Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug sé barúlacha foirmiúla an 14 Eanáir 2025.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Tháirgeadh Orgánach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deimhnithe a eisíodh roimhe seo a bheith ar fáil go poiblí

1. Faisnéis fhíor-riachtanach maidir le deimhnithe oibreoirí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/848, beidh sí ar fáil go poiblí in TRACES ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta eisiúna na ndeimhnithe sin.

2. Áireofar san fhaisnéis fhíor-riachtanach dá dtagraítear i mír 1 uimhir dhoiciméad an deimhnithe, ainm agus seoladh an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí, ainm an údaráis inniúil, nó, i gcás inarb iomchuí, ainm údarás rialaithe nó chomhlacht rialaithe an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí, códuimhir an údaráis rialaithe nó an chomhlachta rialaithe, gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí, an chatagóir nó na catagóirí táirgí dá dtagraítear in Airteagal 35(7) de Rialachán (AE) 2018/848, an dáta eisiúna, an tréimhse bhailíochta, más infheidhme, an dáta athnuachana, éaga, fionraí nó aistarraingthe agus, i gcás ina mbeidh fáil air, eolaire na dtáirgí agus/nó cainníocht na dtáirgí.

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Airteagal 2

Foilsiú liostaí ainmneacha agus seoltaí oibreoirí agus grúpaí oibreoirí atá díolmhaithe ón oibleagáid deimhniú a bheith ina seilbh acu

Déanfaidh na Ballstáit liosta ainmneacha agus seoltaí na n-oibreoirí agus na ngrúpaí oibreoirí a thug fógra faoina ngníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2018/848 agus atá díolmhaithe ón oibleagáid deimhniú a bheith ina seilbh acu i gcomhréir le hAirteagal 35(8) de Rialachán (AE) 2018/848 a chur ar fáil go poiblí, trí bhíthin naisc chuig suíomh gréasáin idirlín aonair dá dtagraítear in Airteagal 34(6) den Rialachán sin.

Airteagal 3

Comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit

1. Déanfaidh an Coimisiún naisc chuig suíomh gréasáin aonair a bhaineann leis na liostaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2 a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin. Cuirfidh an Coimisiún naisc nuashonraithe ar fáil de réir na faisnéise a sheolann Ballstáit.

2. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún na naisc chuig an suíomh gréasáin aonair a bhaineann leis na liostaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2 a luaithe a chuirfear ar bun iad chomh maith le haon athrú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu ar inrochtaineacht a suíomhanna gréasáin ó shuíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin.

3. Déanfaidh na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó a ainmniú chun a bheith i gceannas ar an suíomh gréasáin aonair a bhaineann leis na liostaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2 a bhunú agus a choinneáil ar bun. Cuirfidh siad ainmneacha agus seoltaí na gcomhlachtaí sin in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN